



EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

December 2024 | GA

This page is also available in:

- [ES](#)
- [BG](#)
- [CS](#)
- [DA](#)
- [EN](#)
- [DE](#)
- [ET](#)
- [FR](#)
- [EL](#)
- [HR](#)
- [IT](#)
- [LV](#)
- [LT](#)
- [HU](#)
- [MT](#)
- [NL](#)
- [PL](#)
- [PT](#)
- [FI](#)
- [RO](#)
- [SK](#)
- [SL](#)
- [SV](#)

Available Languages:

EDITORIAL



Eagarfhocal

Bliain d'Fhorás agus Gealltanais: Machnamh an Uachtaráin Oliver Röpké

Agus an bhliain 2024 ag teacht chun deiridh, smaoiním siar ar bhliain inar bhain Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) éachtaí suntasacha amach. I dteannta a chéile, neartaíomar guth na sochaí sibhialta, threisiómar prionsabail dhaonlathacha, agus thacaíomar leis an inbhuanaitheacht

laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain.

Ceann de na garspriocanna is mó a bhfuilimid bródúil as ná seoladh an tionscnaimh 'comhaltaí as na tíortha is iarrthóirí', rud a thug ionadaithe ó thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas isteach i bpróisis chomhairleacha CESE. Leis an tionscnamh sin athdhearbhaítear ár dtiomantas do phróiseas méadaithe a bheidh trédhearcach agus bunaithe ar an bhfiúntas, lena n-ullmhófar na tíortha atá le bheith ina mBallstáit chun páirt iomlán a ghlacadh i múnú an Aontais.

Chuireamar le comhpháirtíochtaí domhanda trí Mheabhrán Tuisceana a shíniú le Comhairle na Brasaíle um Fhorbairt Eacnamaíoch, Shóisialta agus Inbhuanaithe. A bhuí leis sin, neartaíodh an comhoibriú maidir le forbairt inbhuanaithe agus daonlathas, mar a chonaiceamar sna cruinnithe a bhí agam leis an Uachtarán Lula da Silva. Ag Cruinniú Mullaigh Sóisialta G20 in Rio de Janeiro, bhí ról lárnach ag CESE maidir le hathchóiriú rialachais agus cosaintí sóisialta feabhsaithe a mholadh in éineacht leis an Uachtarán Lula agus le rialtas na Brasaíle. Ar an gcaoi chéanna, leis an gcaidreamh atá againn leis an Aontas Afracach, a cuireadh ar bhonn foirmiúil trí bhíthin dearbhú comhpháirteach ag Cruinniú Mullaigh na Todhchaí de chuid na Náisiún Aontaithe, leagamar béim ar rialachas cuimsitheach domhanda agus ar ghníomhú cothrom ar son na haeráide. Léiríonn na tionscnaimh dhomhanda sin an tionchar méadaitheach atá ag CESE maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte.

Laistigh den Eoraip, léirigh Seachtain na Sochaí Sibhialta a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na cosmhuintire maidir le todhchaí an Aontais a mhúnú. Ag an bhFóram Ardleibhéil um Méadú, d'athdhearbhaíomar nach leathnú teorainneacha amháin atá i gceist leis an méadú, ach comhluachanna a dhoimhniú chomh maith. Ag cruinnithe le ceannairí amhail Príomh-Aire na hAlbáine Edi Rama, díródh ar a chinntiú go mbeidh ról lárnach ag an tsochaí shibhialta i

gcaibidlíocht aontachais an Aontais. Comhlánaíodh na hiarrachtaí sin leis an bplé maidir leis an gclaochlú digiteach ag cruinniú Bhiúró CESE i Vársá, cruinniú inar ailíníodh dul chun cinn teicneolaíoch le luachanna Eorpacha an chothromais agus na cothroime. Beidh na hiarrachtaí sin ina mbunchloch d'Uachtaránacht inteachta na Polainne ar an Aontas Eorpach.

Agus 2025 ag druidim linn, táimid ag díriú go fóill ar an daonlathas rannpháirtíochta a neartú, ar an gceartas sóisialta a chur chun cinn, agus ar dhul i ngleic le dúshlání dhomhanda amhail an t-athrú aeráide agus an digitiú. Leanfaidh CESE de bheith ag obair gan stad gan staonadh ar son Eoraip a éistfidh leis na daoine, a spreagfaidh iad agus nach bhfágfaidh aon duine ar lár.

Go raibh síocháin, forás agus rathúnas i ndán dúinn go léir sa bhliain atá romhainn.

DIARY DATES

4-16 Nollaig 2024

Taispeántas grianghraf 'Powerful Encounters: Picturing an end to energy poverty'

Dé Céadaoin 09 Nollaig 2024

Lá Eorpach na dTomhaltóirí 2024

Dé Céadaoin 11 Nollaig 2024

An Grúpa Idirchaidrimh - comóradh 20 bliain

22-23 Eanáir 2025

Seisiún iomlánach de chuid CESE



AOI A THARLA AN BEALACH

AOI A THARLA AN BEALACH

Is é Andrey Gnyot is aoi dúinn, scannánóir agus iriseoir as an mBealarúis a scaoileadh as braighdeanas baile sa tSeirbia le deireanas tar éis bliana. Bhí Gnyot á choinneáil chun críoch a eiseachadta i ngeall ar choireanna eacnamaíocha a chuir a thír

ina leith. Trína scéal féin a insint dúinn, cuireann Gnyot cás na n-iriseoirí neamhspleácha sa

Bhealarúis sa lá atá inniu ann i dtuiscint dúinn. Ní féidir le haon duine rud ar bith a rá i gcoinne lucht na cumhachta nó, má dheir, tá an baol ann go gcuirfí ‘namhad na ndaoine’ ina leith agus go ngabhfaí an té úd ar chúiseanna bréagacha eacnamaíocha.



NAMHAID NA NDAOINE - GÉARLEANÚINT NA NIRISEOIRÍ SA BHEALARÚIS

le Andrey Gnyot

Is leor do dhuine an ghairm mhícheart a roghnú sa Bhealarúis le go bhféadfaí é a ghabháil agus a choinneáil. Leis an bhfrinne a dhéanamh, de bharr bhotún marfach den sórt sin is féidir tú a ghabháil fiú i lár na hEorpa, mar shampla sa tSeirbia. Agus tharlódh lámh ag Interpol san obair, eagraíocht idirnáisiúnta mór le rá. Bíonn an fhírinne searbh, agus tá blas an tsearúis ar mo chuid cainte, ach ní bréag ar bith an méid atá mé a rá. Andrey Gnyot is ainm dom. Is scannánóir, iriseoir agus iarphríosúnach polaitiúil sa Bhealarúis atá ionam. Seo é mo scéal.

I 1999, dúirt mé liom féin gur mhaith liom a bheith i m'iriseoir. An teilifís agus an raidió: is iad ba phaisean dom, is iad ba bhrionglóid dom, agus is iad ba chaitheamh aimsire dom. An bhféadfadh duine 17 mbliana d'aois a

shamhlú go ndéanfaí an t-antaisceachas a lipéadú ar iriseoireacht neamhspleách ina thír féin agus go gcuirfí srian agus laincis ar na meáin eile ar fad ionas nach mbeadh iontu ach trumpa bolscaireachta? Níl, ní raibh súil ag aon duine againn go dtarlódh sé seo san Eoraip sa 21ú haois. Ach sin mar atá an scéal faoi dheachtóireacht na Bealarúise i láthair na huaire: níl aon eagraíocht neamhspleách sa tír i saol na meán. Is faoi úinéireacht an stáit atá gach struchtúr in earnáil na meán. Tá smacht docht daingean ag an stát ar na polasaithe eagarthóireachta atá á gcleachtadh: moltar cumhacht fhéinfhógartha Lukashenko agus tugtar ‘namhaid na ndaoine’ ar aon duine a bhfuil sé de mhisneach aige é a cháineadh, fiú ar bhealach fóna - lipéad ó thréimhse na gcumannach.

Mar sin, i lár na 2000idí, rinne céimí iriseoireachta óg agus naive iarracht a áit sa ghairm a aimsiú. Le linn dom a bheith ag déanamh léinn, agus go ceann tamaill i ndiaidh an ama sin, fuair mé a lán taithí phraiticiúil ar an teilifís agus ar an raidió, agus bhí a fhios agam go díreach céard ab áil liom a dhéanamh sa saol. Ach bhí i ndán gur ghearr a mhairfeadh an deis: bhí stáisiúin raidió phríobháideacha ag dúnadh síos nó á nglacadh ar láimh ag an stát, agus ní raibh stáisiúin teilifíse neamhspleacha in ann minicíocht craolacháin a dhaingniú fiú. Is beag rogha a bhí ag duine: géilleadh don bholscaireacht, na scéalta conspóide a sheachaint, agus glacadh leis nach mbeadh a mhalairt ann ach siamsaíocht gan téagar. Níor tháinig an iriseoireacht slán sa Bhealarúis ach a bhuíochas le nuachtán nó dhó agus tairseach idirlín neamhspleách. Thug iriseoirí go leor cúl dá ngairm, agus cuireadh go leor acu faoi chois. D'eisigh Aireacht Faisnéise na Bealarúise rabhaidh do na meáin go rialta ach níor leor ach trí rabhadh chun a gceadúnais a chúlghairm. De réir Chomhlachas Iriseoirí na Bealarúise, tháinig laghdú 21 % ar líon na nuachtán in 2020-2024. Níor fágadh ar an margadh ach foilseacháin gan faobhar, rud a léifeadh na daoine cois coille sa dacha, míreanna beaga grinn, crosfhocail

agus a leithéid. Dhún na húdaráis gach foilseachán sochpholaitiúil neamhspleách nó roghnaigh siad gan dul i gcló toisc go raibh sé dodhéanta dóibh oibriú.

Bhí an t-ádh liom féin. Fuair mé réiteach ar an bhfadhb nach géilleadh iomlán a bhí ann. Chuaigh mé leis an stiúthóireacht phoiblí agus leis an obair chruthaitheach, agus is fíor a rá gur rímhaith a d'éirigh sin liom. San am céanna, lean mé ar aghaidh le mo chuid oibre iriseoireachta mar oibrí deonach, gan m'ainm a nochtadh, ionas nach nochtfaí mé. Ba léir gur beart éifeachtach a bhí ann. Trí úsáid a bhaint as mo chuid taithí agus mo chuid teagmhálacha gairmiúla go léir, bhí mé in ann fíis-sleachta úra a chur ar fáil do na meáin neamhspleácha ó 2020, agus bhí mé in ann páirt a ghlacadh i ngníomhaíochas sibhialta agus polaitiúil freisin - bhí mé i mo chomhbhunaitheoir ar an ngluaiseacht shibhialta um chearta an duine darb ainm 'Free Association of Athletes of Belarus SOS.BY'. Ní dóigh liom gur féidir claontacht agus rannpháirtíocht a chur ina leith, toisc gur roghnaigh mé taobh mhuintir mo tíre - níl aon bhaint ag deachtóireacht leis an oibiachtúlacht, díreach mar nach bhfuil aon bhaint ag bolscaireacht leis an iriseoireacht.

In 2021, bhí an Bhealarúis sa 158ú háit as 180 i rátáil shaoirse an phreasa. I gcomparáid le 2020, thit sé cúig áit. 'Is í an Bhealarúis an tír is contúirtí san Eoraip d'oibrithe na meán,' a thugann rabhadh don eagraíocht idirnáisiúnta um chearta an duine Tuairisceoirí gan Teorainneacha.

Tabhair faoi deara roghanna na Bealarúise sa bhliain agóide 2020: Ba iad an t-idirlíon agus na meáin shóisialta na príomhfhoinsí nuachta do 60% de na freagróirí. Teilifís - 11% de na freagróirí. Na meáin chlóite - 7%, agus raidió - 5%. Tar éis an méid sin a bhaint amach, thosaigh an réimeas deachtóireachta ag gníomhú go géar agus go neamhghéilliúil. Ba é an príomh-aireagán an troid i gcoinne "antoisceachas" mar bhunús le cinsireacht agus géarleanúint. Cuireann na húdaráis bac ar rochtain ar ábhar na n-eagraíochtaí meán a leanann dá ngníomhaíochtaí ón gcoigríoch, agus meastar gur léiriú ar antoisceachas é aon chomhar leo.

I ndeireadh 2023, bhí 32 iriseoir i bpríosún sa Bhealarúis. In ionaid choinneála, tugadh íde mhídhaonna do na hiriseoirí. De réir gníomhaithe cearta daonna, chuaigh an blagálaí agus an t-iriseoir Igor Losik as 'Radio Liberty' ar stailc ocrais ar feadh i bhfad i gcoilíneacht an phríosúin, agus ansin ghearr sé a lámha agus a mhuineál. Gearradh téarma príosúnachta 15 bliana air. Tá dlús curtha le hionchúiseamh coiriúil maidir le haon chineál comhair leis na meáin neamhspleácha ar a dtugtar 'foirmíochtaí antoisceacha'. Dul nua ar an scéal is ea an ghéarleanúint ní hamháin ar ionadaithe na sochaí sibhialta, ach freisin ar ghnáthshaoránaigh a dhéanann trácht ar aon imeachtaí sóisialta agus polaitiúla d'iriseoirí.

Ar 31 Deireadh Fómhair, 2024, dhearbhaigh réimeas na Bealarúise mo chuntas pearsanta Instagram mar 'ábhar antoisceach'. Ciallaíonn sé sin go ndéanfar mé féin, ach mo lucht leanúna uile sa Bhealarúis freisin, a ionchúiseamh as liostáil le mo chuntas. Tá níos mó ná 5000 acmhainn Idirlín sa Bhealarúis dearbhaithe "antoisceach" ag an deachtóireacht. B'fhéidir nach féidir le haon tír Eorpach eile staitisticí breátha den sórt sin a chothú! An dóigh linne, muintir na Bealarúise, go dtugtar dóthain airde ar fhadhb iriseoireacht na Bealarúise? Inseoidh mé duit go macánta - níl, tá easpa aird ar an bhfadhb seo. Ní hamháin go bhfuil institiúid na hiriseoireachta á díchóimeáil sa Bhealarúis, ach tá gairmithe iriseoireachta á scriosadh go fisiciúil freisin.

Déanann an deachtóireacht iarracht freisin géarleanúint a dhéanamh ar iriseoirí agus ar ghníomhaithe lasmuigh den Bhealarúis. Is léiriú maith é mo shampla ar ghéarleanúint den sórt sin. D'fhoghlaim an réimeas institiúidí daonlathacha a úsáid chun a spriocanna uafásacha a bhaint amach. Ionchúisíodh iriseoirí, gníomhaithe, blagálaithe agus saoránaigh atá gníomhach go polaitiúil as coireanna cánach, go príomha as


gan cánacha a íoc san am a chuaigh thart. Tá sé cruthaithe gur scáileán deataigh foirfe é seo chun na cúiseanna polaitiúla atá taobh thiar den ghéarleanúint a cheilt. Tá Ales Bialiatski, gníomhaí ar son chearta an duine agus buaiteoir Dhuais Nobel, sa phríosún ar chúiseanna airgeadais. Príomheagarthóir ar an eagraíocht meán neamhspleách 'TUT.BY' (a scrios an réimeas in 2020) agus a comhghleacaithe, tá siad taobh thiar de bharraí faoin alt airgeadais céanna. Ghlac Interpol leis an alt coireachta airgeadais céanna le haghaidh mo chuardaigh. Thóg sé beagnach ocht mí ar Interpol imscrúdú inmheánach a dhéanamh agus a fháil amach gur sháraigh an cuardach dom airteagail 2 agus 3 dá mbunrecht. Mar sin féin, gabhadh mé agus cuireadh i bpríosún mé sa Phríosún Lárnach i mBéalgrád ar feadh seacht mí agus sé lá. Chaith mé cúig mhí faoi bhraighdeanas baile agus is dian na srianta a bhí orm. Cinneadh faoi dhó le Cúirt Uachtarach na Seirbia mé a eiseachadadh chuig deachtóireach na Bealarúise. D'éirigh le mo dhlíodóir agus liom féin achomharc a dhéanamh faoi dhó i gcoinne an chinnidh seo. Bliain amháin de mo shaol ina hiomláine, creachadh mo shláinte fhisiciúil agus mheabhrach orm. Sin toisc gur roghnaigh mé an ghairm mhícheart sa tír mhícheart. Toisc go raibh tuairim agam agus chuir mé in iúl é trí shaoránacht ghníomhach.

Ar ámharaí an tsaoil, is liom a bhí an lá i ndeireadh na dála - murach sin ní bheifeá ag léamh na bhfocal seo. A bhuíochas le dlúthpháirtíocht dhochreidte iriseoirí, polaiteoirí, na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí, d'fhág mé an tSeirbia agus bhain mé sábháilteacht amach i mBeirlín. Ach níl deireadh le mo scéal fós. Tá próiseas fada téarnaimh romham fós agus bím ag streachailt leis faraoir. Tá a fhios agam féin gur roghnaigh mé mo ghairm go dílis agus go cóir, fiú má tá daoine ann a mheasann gur rud an-antoisceach é. Tá a fhios agam gur cuid lárnach de shochaí dhaonlathach í an iriseoireacht neamhspleách. An cineál sochaí atá muintir na Bealarúise ag iarraidh a thógáil. Agus tá súil againn nach inár n-aonar a bheimid ar an gcosán cinniúnach seo.



CEIST AMHÁIN AR...

I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna is amhlaidh gur theip ar an dá chruinniú mullaigh is mó ar domhan maidir leis an gcomhshaol, arb iad sin COP16 - Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus COP29 - Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide. D'iarramar ar ionadaithe CESE a d'fhreastail ar COPanna na bliana seo - Peter Schmidt, Diandra Ní Bhuachalla agus Arnaud Schwartz - a gcuid tuairimí a roinnt maidir lena bhfuil i ndán mura ngníomhaíonn an domhan ar son na haeráide.



COP16 AGUS COP29: IS É ÁR NAIMHLEAS FÉIN ATÁIMID A DHÉANAMH

Le Peter Schmidt, Diandra Ní Bhuachalla agus Arnaud Schwartz

Agus ionadaíocht á déanamh aige ar shochaí sibhialta an Aontais ag COP29 i bpríomhchathair Baku san Asarbaiseáin, mhol CESE go ndéanfaí gníomhaíocht phráinneach inláimhsithe ar son na haeráide agus go dtabharfaí tús áite don cheartas sóisialta agus comhshaoil sa chaibidlíocht maidir leis an aeráid.

Labhair Peter Schmidt, cathaoirleach an Ghrúpa Ad Hoc um COP, linn faoi phríomhtheachtairíocht CESE maidir le príomhthéama COP29 - maoiniú don aeráid.

Peter Schmidt: is meabhrúchán cumhachtach é an borradh atá tagtha ar [theagmhais adhaimsire](#) ar fud an domhain chun dlús a chur leis an uaillmhian aeráide. Is cosúil gurb í seo an bhliain ba theo riamh. Is minice feasta a bhíonn tubaistí aeráide ann, agus is chun déine atá siad ag dul. Ina measc na dtubaistí sin, tá tuilte, falscaithe agus triomaigh, rudaí arb é an duine is cúis leo. Cuireann seo leis an neamhionannas sóisialta. Is mó ar fad costas na neamhghníomhaíochta aeráide ná costas na gníomhaíochta.

Is mór atá idir dhá cheann na meá ag COP29. Ba ríthábhachtach teacht ar chomhaontú maidir le réitigh dhomhanda i ndáil le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide chun go mbeidh tíortha i mbéal forbartha in ann leas a bhaint as na hacmhainní le haghaidh gníomhú domhanda ar son na haeráide. Le rannpháirtíocht CESE ag COP29 in Baku, tugadh moltaí chun cinn bunaithe ar ár dtuairim maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide, lena ndíreofar ar athmhúnlú an ollstruchtúir airgeadais idirnáisiúnta chun maoiniú éifeachtach inrochtana don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chur ar fáil agus a éascú.

Leagaimid béim ar an ngá atá leis an Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann a bhunú chun bearnaí sa mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a dhúnadh, ar cheart di maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a dhéanamh níos oiriúnaí don fheidhm, níos neamhdhíobhálaí don bhitheagsúlacht, níos láidre ó thaobh tionchair de agus dírithe go cruinn ar na tíortha agus ar na pobail is leochailí. Ba cheart do shreafaí maoinithe don troid i gcoinne an athraithe aeráide a bheith á dtreorú ag prionsabail an Aistrithe Chóir, i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe atá ina gcoirílár. Tá gealltanais fhadtéarmacha ó ghníomhaithe poiblí agus príobháideacha araon ríthábhachtach, agus beidh ról ríthábhachtach ag an airgeadas poiblí maidir le hinfheistíochtaí príobháideacha a shlógadh agus a laghdú le haghaidh tionscnaimh aeráide.

Cé gur cheart rochtain ar mhaoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide a chumasú do thionscnaimh áitiúla agus do ghluaiseachtaí pobail, tá CESE ag iarraidh freisin go mbeadh cur chuige cuimsitheach ann chun deireadh a chur le timthriall an fhéichiúnais agus na tearcinfheistíochta san oiriúnú. Iarraimid go ndéanfaí cistí aeráide a dháileadh go cothrom chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí. Ina theannta sin, tá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ríthábhachtach chun cur chuige cuimsitheach daonlathach a chruthú lena n-áiritheofar go mbeidh infheistíochtaí aeráide éifeachtach agus inbhuanaithe.

Ba í Diandra Ní Bhuachalla an toscaire óige a chuir CESE ar COP (2023-2025). Rinne sise cur síos ar an méid a raibh sí ag súil leis ó COP29. Ó thaobh an duine óig de, cad iad na saincheisteanna aeráide is práinní nach mór a réiteach ar dtús?

Diandra Ní Bhuachalla: Ba chúis díomá torthaí COP28, agus d'fhéach mé leis an méid a raibh mé ag súil leis ó COP29 a bhainistiú a mhéid is féidir. Ós fíor go mbeadh torthaí comhdhála bliantúla eile teoranta mar gheall ar rogha na hUachtaránachta – ach stát eile atá ag brath go mór ar bhrabúis ó bhreoslaí iontaise – bhí

sé thar a bheith deacair dóchas a choinneáil.

Mar sin féin, tar éis dul i gcomhairle le heagraíochtaí óige éagsúla ar fud na hEorpa trí chruinnithe struchtúrtha an Tascfhórsa Óige mar chuid de chlár COP Thoscaire Óige CESE, chinn mé gurbh fhearr díriú ar Cheartas Aeráide agus ar an Aistriú Cóir, ar Mhaoiniú Aeráide agus ar Sprioc Nua Chainníochtaithe Chomhchoiteann, agus rannpháirtíocht fhóinteach na hóige i bpróisis chinnteoireachta idirnáisiúnta a mhéadú.

Ós eol dom cé mhéad caibidlíocht nár éirigh leo dul chun cinn a dhéanamh sa chéad seachtain mar gheall ar easpa iomlán comhaontaithe agus comhair – lena n-áirítear maidir le hinscne, maoiniú don aeráid, agus an t-aistriú cóir – tuigim go raibh m'ionchais ró-ard arís agus go ndearna mé m'iarrachtaí abhcóideachta i bhfoimeachtaí agus i gcrúinnithe déthaobhacha mar thoradh air sin. Is é an dá ní is mó is údar misnigh dom go bhfuil an teanga atá ann cheana, go háirithe maidir le cearta an duine, fós ann, agus go mbainimid dul chun cinn beag amach chun rudaí a ailníú go foirfe do COP30, arb é an ciseán é ar cosúil go bhfuil gach duine ag cur a n-uibheacha dóchais go léir ann.

Mar gheall ar nádúr trasnach an athraithe aeráide agus a éifeachtaí, ní fhéadfainn iarracht a dhéanamh saincheisteanna a rangú in ord tábhachta nó práinne. Tá imní ar na daoine óga faoina bhfuil i ndán dóibh. Ní léir cén chinnteacht fostaíochta atá ann dóibh agus is ceist dá réir an mbeidh orthu malairt oiliúna a chur orthu féin; Ó thaobh a gduic a tithe de agus a dteaghlach, agus ó thaobh sábháilteachta ó stoirmeacha, ó thuilte agus ó chreimeadh an chósta, ó thaobh na sláinte de agus an cháilíocht saoil a bheidh ag a gclann lá is faide anonn, agus maidir leis an gcaoi a gcuirfear de chúram ar ár nglúin caibidlíocht i bhfad níos deacra a dhéanamh maidir leis an aeráid nuair a bheidh muid inár gcinnteoirí, toisc nach bhfuil dóthain gníomhaíochta á déanamh inniu ós rud é go mbeidh tionchar na caibidlíochta sin le brath ar feadh na mblianta.

Tá ceartas aeráide de dhíth orainn anois. Tá maoiniú réalaíoch don troid i gcoinne an athraithe aeráide de dhíth orainn anois. Teastaíonn aistriú fostaíochta agus fuinnimh atá cothrom, cóir agus cothrom uainn anois. Tá uailmhian de dhíth orainn anois. Ní mór dúinn é a chur i bhfeidhm anois.

Tá gá againn go léir leat anois.

Cuireadh deireadh le COP16 maidir leis an mbithéagsúlacht, a bhí ar siúl in Cali na Colóime i mí Dheireadh Fómhair, agus ní raibh aon chomhaontú ann maidir le cistiú don dúlra. D'iarramar ar Arnaud Schwartz, ionadaí CESE ag COP16, a bheith dóchasach i gcónaí in ainneoin na gcéimeanna ar gcúl sin. Cad iad na bearta ba cheart a dhéanamh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an mbithéagsúlacht a chosaint?

Arnaud Schwartz: 200 billiún dollar in aghaidh na bliana. De réir na Náisiún Aontaithe, is é sin an méid airgid a bheadh ag teastáil (lena n-áirítear gach cineál cistiúcháin – poiblí, príobháideach, náisiúnta agus idirnáisiúnta) chun ár spriocanna bithéagsúlachta a bhaint amach. Mar sin, cad atá i gceist leis seo? Níl i gceist leis ach deireadh a chur le cliseadh shaol na n-orgánach beo, atá ag imeacht i léig de shíor, agus baineann sé leis an dúlra a athbhunú agus deis a thabhairt dó maireachtáil i ndomhan 'beo', seachas ligean dó a bheith scriosta ag saint agus ag amadántacht.

Cad é an todhchaí tar éis teip COP16?

Ba chóir do gach duine againn an cheist seo a chur orainn féin agus í a ardú leo siúd atá thart timpeall orainn, go háirithe ós rud é go bhfuil a fhios againn, sa Fhrainc amháin, gach bliain, go bhfuil níos mó ná an ceathrú cuid den tsuim seo á úsáid chun ullmhú do chogadh nó pá. Go deimhin, ar fud an domhain, ba dheis chaillte é cruinniú Cali, mar gheall ar easpa toil pholaitiúil agus easpa dlúthpháirtíochta eacnamaíche.

Mar sin féin, ní luí gan éirí é.

Tá solas faon ag ceann an tolláin: thug COP seo aitheantas do phobail dhúchasacha agus do phobail áitiúla as a ról mar chaomhnóirí na bithéagsúlachta – tar éis thart ar 30 bliain d’athraitheacht – chomh maith leo siúd de bhunadh na hAfraice, cruthaíodh ciste nua de chuid na Náisiún Aontaithe freisin, ar a dtugtar Ciste Cali. Go fadtéarmach, úsáidfear an ciste seo chun ranníocaíochtaí deonacha a bhailiú ó chuideachtaí príobháideacha, agus rachaidh leath díobh sin chuig na grúpaí daoine thuasluaite. Anois céard a déarfá!

Is éard é féin...

Is mar a chéile sinn. Agus d’fhonn leanúint orainn ar ár gconair choiteann, b’fhéidir go mbeadh sé ciallmhar tosú trínár ngeilleagar a chur ar ais ar an mbóthar ceart chun leasa an leasa choitinn. Mar sin in áit ár n-aimhleas féin a dhéanamh, féachaimis arís na rialacha airgeadais agus trádála idirnáisiúnta.

Peter Schmidt agus Diandra Ní Bhuachalla an bheirt toscairí a chuir CESE go COP29. An aeráid agus cúrsaí airgeadais, sin é an fócas a bhí acu ann thar aon ní eile. Tuairim a d’fhoilsigh CESE ar na mallaibh ba threoir dóibh [Maoiniú don aeráid: treochar nua chun torthaí a sheachadadh maidir le huaillmhiantaí arda i leith na haeráide agus na SDGanna](#). Ar cheann de na [príomhimeachtaí](#) faoi stiúir CESE in Baku bhí ‘Peirspictíocht dhomhanda i dtreo aistriú cóir a chothú san earnáil agraibhia’ an 18 Samhain. *Rinneadh iniúchadh ag an imeacht ar chórais bhia inbhuanaithe ísealcharbóin a thógáil atá cothrom d’fheirmeoirí, d’oibríthe sa bhiashlabhra agus do na glúine atá le teacht. Ba é an aidhm a bhí leis feabhas a chur ar an gcomhar idir lucht ceaptha beartas agus an tsochaí shibhialta, guthanna ón deisceart domhanda a mhéadú agus réitigh chuimsitheacha aeráide a chur chun cinn do chách.*

Ina chomhalta de thoscaireacht an Aontais dó, ghlac Arnaud Schwartz páirt i gcruinnithe inar iarradh go mbeadh sineirgí níos fearr ann idir próisis na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD) agus an tAthrú Aeráide (UNFCCC), deireadh a chur de réir a chéile le fóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol mar bhealach chun níos mó acmhainní airgeadais a shaoradh, agus ról níos gníomhaí a bheith ag an tsochaí shibhialta eagraithe i gcur chun feidhme [Chreat Bithéagsúlachta Domhanda Kunming-Montreal](#). Tá tuilleadh eolais faoi rannchuidiú CESE le COP16 le fáil [anseo](#).

Mr Schwartz is the rapporteur of the EESC opinion [A comprehensive strategy for biodiversity at COP16: bringing all sectors together of a common goal](#).



CROÍ AN SCÉIL

Ní beag an costas eacnamaíoch agus polaitiúil atá á íoc ag an mBulgáir agus an Rómáin ós rud é nach féidir leo lántairbhe a bhaint as córas Schengen, rud a théann chun dochair freisin d'iomaíochas agus fás eacnamaíoch an Aontais. Is mithid do Chomhairle an Aontais dáta a shocrú le deireadh a chur leis na rialuithe teorann talún idir an dá thír sin agus Ballstáit eile limistéar Schengen, de réir Mariya Mincheva, an rapóirtéir don tuairim [An míbhuntáiste don mhargadh aonair nuair nach bhfuil Ballstáit áirithe in Schengen - an tionchar atá aige sin ar an mBulgáir agus ar an Rómáin](#). (II)



COSTAS NEAMH-SCHENGEN DO MHARGADH AONAIR AN AONTAIS

Le Mariya Mincheva

Chomhlíon an Bhulgáir agus an Rómáin na coinníollacha chun dul isteach i limistéar Schengen in 2011. 13 bliana ina dhiaidh sin, áfach, níor deonaíodh sochair iomlána na saorghluaiseachta dóibh go fóill. Baineann praghas polaitiúil leis an neamhréireacht sin agus cuireann sí leis an eoraisceipteachas.

Ag cruinniú den Chomhairle an 22 Samhain i mBúdaipeist, d'aontaigh airí gnóthaí inmheánacha na hUngáire, na hOstaire, na Bulgáire agus na Rómáine tús a chur leis na céimeanna is gá chun dáta a shocrú chun deireadh a chur le seiceálacha ar teorainneacha talún, faoi réir iarrachtaí níos láidre chun srian a chur ar imircigh neamhrialta a thagann trí bhealach na mBalcán Thiar.

Tá Comhaontú Schengen ríthábhachtach do shaorghluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil laistigh den Aontas, agus is toisc ríthábhachtach é i dtaca le rath eacnamaíoch an Aontais. Nuair a chuirtear srianta leis, baintear an bonn d'iomaíochas agus d'fhás eacnamaíoch an Aontais agus cuirtear bac ar sheachadadh an gheilleagair shóisialta margaidh dá mbeartaítear sna Conarthaí.

Le blianta anuas, tá rialuithe teorann á n-athbhunú go sealadach ag na Ballstáit. Mar sin féin, ní dhearnadh meastóireacht ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhíonn ag na cinntí sin ar an margadh aonair. Déanann an Coimisiún Eorpach measúnú ar bhacainní fisiciúla trádála, ach ní chumhdaítear leis sin ach imshuíonna, léirsithe agus ionsaithe le trucaillí ag teorainneacha. Ní thugtar aird ar thionchar na rialuithe teorann talún, athbhunú sealadach na rialuithe teorann ag Ballstáit Limistéar Schengen san áireamh.

In 2023, d'aontaigh an Chomhairle deireadh a chur le rialuithe teorann aeir agus muirí leis an mBulgáir agus leis an Rómáin amhail ón 31 Márta 2024. Mar sin féin, coinníodh seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha talún ar bun, gan aon dáta socraithe chun iad a bhaint, rud as ar eascair costais shuntasacha agus nár lig do chuideachtaí leas iomlán a bhaint as an margadh aonair.

Ach céimeanna a ghlacadh chun an Bhulgáir agus an Rómáin a lánpháirtiú go hiomlán i limistéar Schengen, is féidir leis an Aontas a chomhtháthú inmheánach a neartú, a iomaíochas a neartú, agus seasamh le bunphrionsabail na saorghluaiseachta agus na dlúthpháirtíochta atá mar bhonn taca leis an tionscadal Eorpach.

Tá sé áitithe ag Parlaimint na hEorpa go bhféadfadh sé difear a dhéanamh d'ionchais an mhargaidh maidir le stádas na dtíortha seo san Aontas gan iad a bheith mar chuid de limistéar Schengen. Is comhartha polaitiúil é a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar na torthaí a bhíonn le fáil ar bhannaí rialtais, ar phraghas sócmhainní airgeadais, agus ar na rátaí úis a bhíonn ar fáil do ghnólachtaí agus do theaghlaigh, agus dochar a dhéanamh don fhíorgheilleagar.

Íocann an dá thír na billiúin euro gach bliain de dheasca costais lóistíochta mhéadaithe, moilleanna ar earraí agus trealamh a sheachadadh, agus costais mhéadaithe breosla agus tiománaithe. Ar ndóigh, is ar an tomhaltóir a thiteann na costais dhíreacha sin go léir ar deireadh, i bhfoirm praghsanna níos airde, rud a imríonn tionchar ar shláinte fhisiciúil agus meabhairshláinte na n-oibrithe.

Cúrsaí mar atá, cuireann siad bac ar an turasóireacht. Cuirtear bac ar shaorghluaiseacht oibrithe, agus dá bhrí sin cuirtear teorainn leis na deiseanna a bhíonn ag oibrithe ón mBulgáir agus ón Rómáin fostaíocht a lorg sna Ballstáit atá ina gcomharsana acu san Aontas. Tá tionchar ag an teorannú sin ar thionscail na tógála, na talmhaíochta agus na seirbhísí, a bhíonn ag brath go mór ar oibrithe séasúracha agus sealadacha.

Sa tuarascáil uaidh maidir le todhchaí an mhargaidh aonair, d'iarr **Enrico Letta** ar na hinstiúidí Eorpacha cur go láidir i gcoinne aon iarracht chun an tsaorghluaiseacht idir na Ballstáit a theorannú, lena n-áirítear srianta teicniúla ar chonairí agus ar iompar de bhóthar, agus iarracht Comhaontú Schengen a chur ar fionraí ar aon slí.

Tá sé thar am ag an gComhairle dáta a shocrú chun deireadh a chur le rialuithe teorann talún idir an Bhulgáir, an Rómáin agus na Ballstáit eile ar baill iad de limistéar Schengen. Meastar go ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an tsaincheist sin ag an gcruinniú a bheidh ag Comhairle an Aontais Eorpaigh um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile an 12 Nollaig.

EESC NEWS



Cuirimis Méadú an Aontais i gcrích

Ní mór gurb é an Coimisiún um Méadú an chéad Choimisiún eile. Ní hé an cheist ar cheart an tAontas a mhéadú, ach conas is féidir é a dhéanamh i gceart, ba é sin conclúid an Fhóraitm Ardleibhéil maidir leis an Méadú a reáchtáil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) Bhí Uachtarán CESE, Oliver Röpke, an Coimisinéir Eorpach um Poist agus um Chearta Sóisialta, Nicolas Schmit, agus airí ó Bhallstáit an Aontais agus ó thíortha is

iarrthóirí araon.

Chomheagraigh CESE, in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach, Fóram Ardleibhéil um Méadú, a bhí ar siúl i gcomhthráth leis an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair. Tháinig níos mó ná 140 ionadaí na sochaí sibhialta ó thíortha is iarrthóirí le chéile den chéad uair riamh. Bhí príomhphointe na rannpháirtithe soiléir: ní mór ról lárnach i bpróiseas méadaithe an Aontais a thabhairt don tsochaí shibhialta agus do chomhpháirtithe sóisialta, ar minic nach dtugtar aird orthu sa phróiseas aontachais.

Chuir **Oliver Röpke** béim ar an méid seo a leanas: ‘Ní le méadú an Aontais amháin a bhaineann sé sin - baineann sé le tíortha atá le bheith ina mBallstáit a ullmhú chun páirt ghníomhach a ghlacadh i múnú an Aontais, chun a chinntiú go mbeidh siad lánábalta aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn. Trí chomhoibriú leis an tsochaí shibhialta, leis na cónaidhmeanna fostóirí agus leis na ceardchumainn, tá an bonn riachtanach d’Eoraip níos cuimsithí agus níos láidre á chruthú againn.

Sa díospóireacht, leagadh béim ar an ngá atá ann an fuinneamh maidir leis an méadú a choinneáil, ós rud é go mbeidh ról ríthábhachtach ag Coimisiún 2024-2029 maidir le próiseas an mhéadaithe a thabhairt chun críche.

Príomhtheachtaireacht eile sa díospóireacht ab ea an tábhacht a bhaineann le comhtháthú céim ar chéim, atá intuartha agus bunaithe ar fhiúntas, ina mbíonn fíor-ionchais aontachais i ndán dóibh a dhéanann dul chun cinn.

Chuir **Nicolas Schmit** i dtreis an ról lárnach atá ag an tsochaí shibhialta, agus dúirt sé: ‘Is gnéithe ríthábhachtacha iad an t-idirphlé sóisialta dea-fheidhmiúil, bíodh sé dépháirteach nó trípháirteach, agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gcomhthéacs aontachas an Aontais, ós rud é gur cuid dár ngeilleagar sóisialta margaidh iad’.

Bhí an méid seo a leanas le rá ag Rúnaí Stáit na Gearmáine, **Rolf Schmachtenberg**: ‘Tá na gnéithe saothair agus sóisialta ríthábhachtach chun go n-éireoidh le haontachas leis an Aontas Eorpach’. Iad siúd ar mian leo feabhas a chur ar shaol na saoránach uile, deiseanna a chruthú agus éagothromaíochtaí sóisialta a chomhrac, tá beartais éifeachtacha fostaíochta, dálaí maithe oibre agus córais slándála sóisialta feidhmiúla ag teastáil uathu, le comhpháirtithe sóisialta láidre.’

Le linn na díospóireachta, chuir **Naida Nišić**, Aire Saothair, Fostaíochta agus Idirphlé Shóisialta Mhontainéagró, béim ar a thábhachtaí atá an fóram ardleibhéil mar ardán don idirphlé lena dtugtar deis do Mhontainéagró measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Chuir **Niki Kerameus**, Aire Saothair agus Slándála Sóisialta na Gréige, béim ar an méid seo a leanas: ‘Ba mhór an onóir dom páirt a ghlacadh sa phlé thábhachtach seo maidir le méadú an Aontais agus an ról lárnach atá ag na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an tírdhreach a mhúnlú don aimsir atá ag teacht i dtaca le cúrsaí saothair agus cearta sóisialta na hEorpa’.

Dúirt **Olta Manjani**, Leas-Aire Geilleagair, Cultúir agus Nuálaíochta na hAlbáine: ‘Tá an Albáin ag cur go gníomhach lena láithreacht in institiúidí, coistí agus meithleacha an Aontais, agus ar cheann de na hiarrachtaí atá á ndéanamh aici tá Comhchoiste Comhairleach a bhunú le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa’.

Tá méadú an Aontais molta ag CESE le fada an lá. In 2024, sheol sé treoirhionscadal, an [tionscnaimh comhaltaí as na tíortha is iarrthóirí](#), rud a chuireann ar chumas na sochaí sibhialta sna tíortha is iarrthóirí rannchuidiú le hobair CESE. Léiríonn an tionscnamh an dóigh a neartaíonn rannpháirtíocht ghníomhach na sochaí sibhialta ó thíortha is iarrthóirí próiseas an mhéadaithe. (mt)



Tionscnamh suaitheanta Eorpach don tsláinte mar aon le plean gníomhaíochta um ghalair neamhchoitianta á n-éileamh ag CESE

Tá tionscnamh sláinte á éileamh ag CESE, mar atá Aontas Sláinte Eorpach a bhunú, agus iarrann sé ar an gCoimisiún Eorpach Plean Gníomhaíochta um Ghalair Neamhchoitianta a fhoilsiú a mbeadh

spriocanna arbh fhéidir a bhaint amach ag gabháil leis.

Le linn díospóireacht maidir le ‘Tionscnamh suaitheanta Eorpach a chur ar bun don tsláinte’, a reáchtáladh sa seisiún iomlánach i mí Dheireadh Fómhair, d’iarr CESE ar an Aontas tionscnamh uailmhianach a sheoladh, a dhíreodh ar ollstruchtúr sláinte trasearnálacha a thógáil laistigh den Aontas. Ar an gclár oibre freisin bhí Plean Gníomhaíochta Eorpach um Ghalair Neamhchoitianta a chruthú.

Agus tús á chur leis an díospóireacht aige, dúirt **Uachtarán CESE Oliver Röpké** an méid a leanas: ‘Tá sé ríthábhachtach go mbeadh ag gach duine a bhfuil cónaí air san Aontas teacht ar chúram sláinte ardchaighdeán inacmhainne inrochtana. Caithfidimid infheistíocht a dhéanamh i gcórais sláinte nuálacha inbhuanaithe agus beart daingean a dhéanamh le cur i gcoinne an neamhionannais sláinte laistigh den Aontas agus ar fud an domhain araon. Fágann na galair neamhchoitianta gur léire fós an neamhionannas agus an leochaileacht atá ann. Is dá bharr sin atá gá le gníomhaíocht Eorpach chuimsitheach um ghalair neamhchoitianta.’

An rapóirtéir don [tuairim](#) maidir leis an tionscnamh suaitheanta Eorpach don tsláinte, **Alain Coheur**, dúirt sé an méid a leanas: ‘Tá iarracht á déanamh inniu againn treochlár a ghlacadh thar ceann na gcoimisinéirí Eorpacha a bheidh ann amach anseo, ceann a chuireann an cúram sláinte do chách chun cinn agus a chosnóidh an pobal ar ghéarchéimeanna na todhchaí.’ **Ágnes Cser**, an rapóirtéir don [tuairim](#) maidir le galair neamhchoitianta, chuir sí an méid seo lena dúradh: ‘Ní mór dúinn plean gníomhaíochta a chur le chéile. Mar sin féin, níor cheart dúinn an bhéim a leagan ar an bplean gníomhaíochta um ghalair neamhchoitianta agus air sin amháin, ach ar an tsláinte féin freisin – is gné lárnach den iomaíocht an tsláinte. Ó thaobh an Aontais Sláinte de, ní féidir leanúint de na focail mhóra is na mogaill fholmha.’

Sa tuairim maidir le tionscnamh suaitheanta Eorpach don tsláinte, leagtar amach colúin straitéiseacha d’fhonn an cur le chéile agus an comhar idir na Ballstáit a threisiú i réimse na sláinte. Ina measc sin tá ráthaíocht Eorpach um chúram agus um chúram sláinte a bhunú, rud lena leagfaí síos cuspóirí sláinte ilbhliantúla ar leibhéal an Aontais. D’fhéadfadh sé go mbeadh de thoradh air sin téacs atá ceangailteach ó thaobh dlí a chruthú (Treoir, cuir i gcás).

Colún eile ná Cur Chuige na hAon Sláinte Amháin a chur chun feidhme, cur chuige a thógann nasc idir na beartais a bhaineann leis an duine daonna, an t-ainmhí, an planda, agus an comhshaol. Sa tuairim maidir le haghaidh a thabhairt ar na galair neamhchoitianta, iarrtar ar an gCoimisiún Teachtaireacht a fhoilsiú a mbeadh ina chuid de Plean Gníomhaíochta Eorpach cuimsitheach um Ghalair Neamhchoitianta, lena leagfaí amach spriocanna sonracha, intomhaiste, indéanta, réalaíocha agus faoi cheangal ama a bheifí in ann a bhaint amach faoi 2030. (Im)



An intleacht shaorga arb í an Eoraip áit a déanta: iarrann CESE go ndéanfaí infheistíocht straitéiseach i mbonneagar IS

Tá moladh láidir déanta ag CESE go gcuirfidh an tAontas Eorpach borradh faoin infheistíocht a dhéanann sé i nascacht shlán, i mbonneagar athléimneach agus i slabhraí soláthair athléimneacha chun a chinntiú go leanfaidh sé de bheith iomaíoch i réimse na hintleachta saorga ilchuspóirí atá ag athrú go tapa. Meastar go bhfuil na bearta sin ríthábhachtach chun na tairbhí is fearr is féidir a bhaint as an intleacht shaorga ghiniúnach i gcomhréir le luachanna, riachtanais agus cearta bunúsacha na hEorpa.

Sa tústuairim uaidh [An Intleacht Shaorga/an bealach chun cinn](#) ina ndírítear ar phríomhghnéithe na hintleachta saorga ilchuspóirí, cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá nuashonrú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar Ghníomh an Aontais um an Intleacht Shaorga toisc a dhinimiciúla agus a chasta atá earnáil na hintleachta saorga. Cé gur samhlacha teicniúla go bunúsach atá sna samhlacha intleachta saorga ilchuspóireacha agus gur san earnáil gnólacht le gnólacht is mó a chuirtear i bhfeidhm iad, ní hé sin le rá nach mbíonn tionchar indéireach acu ar oibrithe agus ar thomhaltóirí.

‘Táimid den tuairim gur tábhachtach an ní é luachanna Eorpacha a bheith mar bhonn ag IS ar bith a úsáidimid anseo san Eoraip. An smacht reachta agus cearta an duine atá i gceist leis sin dar ndóigh, ach tá trédhearcacht, inchreidteacht agus iontaofacht i gceist leis freisin. Is iad sin na príomhthosca nach mór a chur san áireamh in aon chóras intleachta saorga atá le hoibriú ar son na ndaoine,’ a dúirt **Sandra Parthie**, rapóirtéir na tuairime, a d’iarr an Coimisiún Eorpach agus Uachtaránacht na hUngáire ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh.

Tacaíonn CESE leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga ach cuireann sé i bhfios go láidir gur gá dlúthfhaireachán a dhéanamh air agus é a choigeartú má chuireann sé srian ar nuálaíocht chuideachtaí an Aontais atá dírithe ar an intleacht shaorga. D’fhéadfadh sin tarlú i gcás ina bhfuil éiginnteachtaí ann maidir leis an gcaoi ar cheart an rialachán a chur i bhfeidhm nó má tá an rialachán féin róchasta, rud a bheadh ina spreagadh d’infheisteoirí agus nuálaithe margadh na hEorpa a fhágáil.

Chun cur i gcoinne rócheannasacht na gcuideachtaí digiteacha móra neamh-AE ar mhargadh an Aontais, tá iarrtha ag CESE go mbainfí leas as uirlisí beartais iomaíochta an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iompar criticiúil nó ar aon neamhchomhlíonadh le caighdeáin an Aontais.

Ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht chun líonraí láidre a fhorbairt lena bhféadfar táirgí intleachta saorga a chruthú agus a fheabhsú agus lena bhfeabhsófar na tairbhí a bhaineann leis an intleacht shaorga do dhaoine agus don gheilleagar. Mura dtugtar faoin intleacht shaorga ilchuspóireach a fhorbairt agus a úsáid san Eoraip, d’fhéadfadh drochthionchar a bheith aige sin ar iomaíochas na gcuideachtaí Eorpacha, rud a bheadh laghdú díolacháin, caillteanais post, marbhántacht eacnamaíoch agus an bhochtaineacht mar thoradh air.

‘Tá cuideachtaí agus taighdeoirí maithe inár measc; tá áiseanna taighde den scoth ar leac an dorais againn, agus is cinnte nach ndéanaimid ár ndóthain le hiad a chur chun cinn. Ní mór dúinn tallann a mhealladh agus an Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine mar áit oibre. Ní mór dúinn forbairt a dhéanamh ar an intleacht shaorga arb í an Eoraip áit a déanta,’ a dúirt **Sandra Parthie** mar fhocal scoir. (II)



Cistí de dhíth ar an tsochaí shibhialta má tá siad chun súil a choinneáil ar bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí

Ba cheart do Bhallstáit an Aontais rannpháirtíocht chuimsitheach, oscailteacht agus trédhearcacht leis an tsochaí shibhialta a éascú i ngach réimse de bhainistiú dramhaíola

radaighníomhaí. Baineann sé sin le pobail óstacha atá ann faoi láthair agus pobail óstacha a d'fhéadfadh a bheith ann, go háirithe ós rud é go dtiocfaidh méadú ar ghiniúint bhliantúil na dramhaíola radaighníomhaí sna deich mbliana amach romhainn agus ina dhiaidh sin.

I [dtuairim](#) a glacadh le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair, ghlac CESE seasamh docht. Tá sé maíte aige gur cheart an cistiú atá ar fáil a úsáid chun gur fearr is féidir le grúpaí na sochaí sibhialta, go háirithe pobail áitiúla atá gar do shuiteálacha núicléacha, páirt neamhspleách a ghlacadh i dtionscadail agus i staidéir ina ndéantar measúnú ar an rannpháirtíocht agus ar an trédhearcacht i mbainistiú dramhaíola radaighníomhaí.

Molann CESE do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar na bealaí inar féidir leis an bpobal páirt a ghlacadh sa phróiseas cinnteoireachta maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí, agus ar an dóigh a gcinntítear an trédhearcacht. 'Iarrann CESE ar na Ballstáit bearta a dhéanamh lena chinntiú go ndéanfar faireachán agus nochtadh rialta ar an bhforbairt chomhshaoil, ar fhorbairt na sláinte poiblí agus ar an bhforbairt shocheacnamaíoch i réimsí a bhaineann le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí,' a dúirt an rapóirtéir, **Alena Mastantuono**.

Ba cheart do na Ballstáit an fhreagracht a ghlacadh orthu féin ionas nach mbeidh ualach ar na glúnta atá le teacht dramhaíl núicléach a phróiseáil, beag beann ar chineál, saolré ná leibhéal guaise na dramhaíola sin.

Ós rud é gur féidir sciar ard de bhreosla núicléach úsáidte a athphróiseáil, ba cheart ábhair inscailte a athchúrsáil chun laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le soláthar úráiniam nádúrtha chun imoibreoirí núicléacha a oibriú. Dá mbainfí úsáid as straitéisí an gheilleagair chiorclaigh d'fhéadfadh na Ballstáit íoslaghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola ar gá dul i ngleic léi le straitéisí bainistithe dramhaíola.

'Ba cheart do na Ballstáit a chinntiú go gcuirfear san áireamh sna measúnuithe costais maidir le díchoimisiúnú agus bainistiú breosla spionta agus dramhaíola radaighníomhaí méaduithe costais le himeacht ama. Ba cheart dóibh a chinntiú freisin gur leor an cistiú chun na costais iarbhir a chlúdach,' a dúirt an comhraphóirtéir, **Christophe Quarez**. (mp)



Is féidir leis an bhfuinneamh geoiteirmeach an t-aistriú glas a éascú.

San Eoraip, is beag an úsáid atá á baint as na féidearthachtaí suntasacha a ghabhann leis an bhfuinneamh geoiteirmeach agus

ba ceart don Aontas Eorpach gníomhaíocht phráinneach a dhéanamh chun straitéis Eorpach maidir le fuinneamh geoiteirmeach a ghlacadh arb é is aidhm di tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis.

Ag an seisiún iomlánach a bhí aige i mí Dheireadh Fómhair, ghlac CESE seasamh doshéanta maidir leis an bhfuinneamh. Sa [tuairim](#) a chuir **Zsolt Kükedi** agus **Thomas Kattinig** le chéile, cuireann CESE i bhfáth go mbaineann astaíochtaí gás ceaptha teasa an-íseal le táirgeadh an fhuinnimh gheoiteirmigh, agus gur féidir ról lárnach a bheith aige in aistriú glas an Aontais tríd an spleáchas atá aige ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus trí dhícharbonú a éascú.

‘D’fhéadfadh saothrú an fhuinnimh gheoiteirmigh cur go mór le spriocanna 2050 an Aontais maidir le haeráidneodracht a bhaint amach,’ a dúirt **Zsolt Kükedi**. ‘Ní bhaintear tairbhe as na féidearthachtaí atá ann agus ba cheart don Choimisiún Eorpach bearta a dhéanamh láithreach chun straitéis chuimsitheach a chur le chéile chun úsáid a bhaint as na hacmhainní a chuirtear ar fáil leis,’ a dúirt **Thomas Kattinig** freisin.

Cuireann CESE in iúl nach n-oibreoidh infheistíochtaí i ngléasraí cumhachta geoiteirmeacha gan cúnamh airgeadais ar an leibhéal náisiúnta. Go sonrach, beidh gá le cistiú agus dreasachtaí rialtais chun an infheistíocht tosaigh a mhealladh agus an riosca a bhaint dí.

Ina theannta sin, is fiú a rá go bhféadfadh athruithe ar bheartas fuinnimh nó ar mhaoiniú fuinnimh difear a dhéanamh do tharraingteacht eacnamaíoch na dtionscadal geoiteirmeach.

Bíonn rioscaí i gceist le gléasraí cumhachta geoiteirmeacha a thógáil agus is gá na rioscaí sin a shainaithint go cruinn, go háirithe ó thaobh an tionchair ar an gcomhshaol de. Ar an ábhar sin, tá sé ríthábhachtach go dtugtar faoin bpróiseas sin le rannpháirtíocht na bpobal áitiúil, d’fhonn glacadh an phobail leis a mhéadú.

É sin ráite, is mó na tairbhí comhshaoil agus aeráide a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach ná na rioscaí toisc go bhfuil sé ar cheann de na foinsí fuinnimh in-athnuaite is fearr ó thaobh úsáid talún, úsáid acmhainní agus spleáchas ar allmhairí de. (mp)



[Tá CESE ag tathaint ar an Aontas seasamh i mbéal an chomhraic ar son bithgheilleagar comhleanúnach inbhuanaithe](#)

Tá CESE ag tathaint ar an Aontas seasamh i mbéal an chomhraic ar son bithgheilleagar comhleanúnach inbhuanaithe, bithgheilleagar a bheidh ailínithe leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus le spriocanna aeráide.

Sa tuairim uaidh maidir leis ‘[an ngeilleagar ciorclach agus an bithgheilleagar a ailíniú](#)’, leag CESE amach conas is féidir le bithgheilleagar láidir borradh a chur faoi thairbhí eacnamaíocha agus éiceolaíocha na hEorpa, athléimneacht a neartú, agus tacú le haistriú cóir. Is féidir le hinfeistíochtaí straitéiseacha i gcomhar trasearnála agus i rannpháirtíocht an phobail bithgheilleagar an Aontais a shuíomh mar shamhail dhomhanda don fhás inbhuanaithe.

Ní mór bithgheilleagar inbhuanaithe a ailíniú le creataí an Aontais amhail an Comhaontú Glas, an geilleagar ciorclach agus spriocanna bithéagsúlachta. Áirithítear leis sin go rannchuidíonn gníomhaíochtaí bithgheilleagair le spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta agus go bhfanann siad laistigh de theorainneacha pláinéadacha ag an am céanna.

Is rud ríthábhachtach straitéis bhithgheilleagair atá cuimsitheach uailmhianach. Agus é ag teacht leis an ngeilleagar ciorclach agus leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe, is féidir leis an mbithgheilleagar buntáiste iomaíoch a chothú don Aontas trí phoist inbhuanaithe ar phá maith a chruthú agus trí fhás a áirithiú a urramaíonn teorainneacha éiceolaíocha,” a dúirt Cillian Lohan, rapóirtéir na tuairime.

Cuireann an bithgheilleagar le prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, dramhaíl a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú trí chascáidiú acmhainní agus athchúrsáil ábhair bhitheolaíoch. Cuireann sé sochair shóisialta ar fáil, go háirithe i gceantair thuaithe, trí phoist agus deiseanna tógála scileanna a chruthú. Is ríthábhachtach tacú le pobail tuaithe agus le rannpháirtíocht na hóige san earnáil sin.

Is féidir le hoideachas bithgheilleagair cuidiú le lucht saothair oilte a thógáil agus feasacht inbhuanaitheachta a ardú. Cuidíonn sé freisin le sláinte phoiblí níos fearr trí chostais chúraim sláinte a laghdú. Tá dul chun cinn sa teicneolaíocht agus in úsáid inbhuanaithe talún, amhail feirmeoireacht athghiniúnach agus foraoiseacht, a chuireann borradh faoi stóráil carbóin agus faoin mbithéagsúlacht ríthábhachtach don iarracht sin.

Tharlódh don fheirmeoireacht uirbeach agus d na moil chiorclacha bhia diomailt an bhia a laghdú agus córais bhia áitiúla a neartú. Ba cheart don Aontas cloí le hardchaighdeáin sa ghnó agus sa nuálaíocht, agus glacadh luath teicneolaíochtaí bithbhunaithe a spreagadh. Ba cheart do chistiú tús áite a thabhairt do cheannairí nuálacha agus tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide.

Chun an bithgheilleagar a chomhtháthú i mbeartais an Aontais, tá gá le sainmhíniú soiléir. De nuashonrú an Straitéis Bhithgheilleagair faoi 2025, ba cheart ailíniú a dhéanamh leis an gComhaontú Glas agus le Comhaontú Pháras, lena gcuirfear treochlár ar fáil do gheilleagar bithbhunaithe inbhuanaithe athléimneach. (ks)



[Moltaí sonracha leagtha amach ag CESE chun córas bia athléimneach inbhuanaithe a chruthú don todhchaí](#)

Tá fíis leagtha amach ag CESE d’fhonn córais talmhaíochta, iascaigh agus bhia an Aontais a athrú ar mhaithe leis an athléimneacht agus an inbhuanaitheacht a chinntiú in am an ghátair.

I [dtuairim](#) a glacadh i mí Dheireadh Fómhair, d’iarr CESE go dtabharfaí isteach córas bia a bheadh iomaíoch, a sheasfadh gach géarchéim agus a bheadh ag teacht le spriocanna comhshaoil agus sóisialta an Aontais. Cuireadh béim inti ar an tslándáil bia, ar ioncam cóir do tháirgeoirí, ar athléimneacht an chomhshaoil agus ar

thacaíocht a thabhairt don chéad ghlúin eile de tháirgeoirí bia.

‘Tá sé ríthábhachtach ioncam cobhsaí inbhuanaithe a áirithiú do tháirgeoirí, mar aon le beartas bia eolasbhunaithe a chothú lena spreagtar an nuálaíocht’ a dúirt **Arnold Puech d’Alissac**, Uachtarán Eagraíocht Dhomhanda na bhFeirmeoirí agus duine de thriúr rapóirtéirí na tuairime.

Chun tacú leis sin, molann CESE cumhacht mhargála na hearnála feirmeoireachta a neartú a mhéid a bhaineann le caibidlíocht praghsanna agus maoiniú talmhaíochta agus iascaigh an Aontais a mhéadú. Iarrann sé freisin go gcuirfí na caighdeáin a leagtar síos sa Chomhaontú Glas agus sa stráitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ san áireamh i gcomhaontuithe trádála a bheidh ann amach anseo, rud a chinnteoidh go mbeidh iomaíocht chóir agus ardcháilíocht bia ann.

‘Tá sé ríthábhachtach ioncam cothrom a áirithiú do tháirgeoirí príomhúla’, a dúirt **Piroska Kállay**, duine eile de rapóirtéirí na tuairime.

Chuirge sin, d’iarr CESE go ndéanfaí forfheidhmiú níos déine ar chleachtais chóir trádála agus go gcuirfí toirmeasc ar dhíol faoi bhun an chostais chun slabhra an tsoláthair bia a athchothromú. Tá an-tábhacht freisin le beartais lena gcuirtear athnuachan ó ghlúin go glúin chun cinn, lena ndírítear ar dhaoine óga agus ar mhná, an t-oideachas, an oiliúint agus tacaíocht do chomharchumainn san áireamh.

Chun tacú leis an inbhuanaitheacht, mhol CESE iarrachtaí ceaptha carbóin a chúiteamh, mar shampla bainistiú inbhuanaithe ithreach, agus sceitheadh carbóin a chosc. ‘Chuideodh na bearta sin le táirgeadh bia a chur i gcomhréir le spriocanna aeráide agus le gealltanais chomhshaoil dhomhanda an Aontais,’ a dúirt **Joe Healy**, rapóirtéir eile.

Moladh eile atá ann córas árachais phoiblí a thabhairt isteach chun táirgeoirí a chosaint ar thubaistí a bhaineann leis an aeráid, rud a chinnteodh leanúnachas an tsoláthair bia.

D’iarr CESE go dtabharfaí beartais isteach chun sláinte ithreach agus uisce a athbhunú, chun éifeachtúlacht uisce a fheabhsú agus úsáid uisce a laghdú, mar aon leis an maorlathas a bhaint agus an trédhearcacht a threisiú trí rianú digitithe a dhéanamh ar phraghsanna agus ar an gcostas.

Ar deireadh, mhol CESE Comhairle Eorpach um Beartas Bia a bhunú le go bhféadfaí idirphlé a chothú maidir le saincheistean a bhaineann le bia agus chun an beartas bia a chur i gcomhréir le cuspóirí sóisialta agus comhshaoil níos leithne. Leis na moltaí sin, cuirtear treochlár ar fáil chun córais bhia an Aontais a dhéanamh níos athléimní, níos inbhuanaithe agus níos cothroime tráth atá dúshlán dhomhanda le freagairt.(ks)



[Molann CESE maoiniú an Aontais a chur sa riocht a mbeidh sé níos soiléire agus níos cuimsithí](#)

I mí Dheireadh Fómhair, ghlac CESE [tuairim](#) inar moladh athmhachnamh bunúsach a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn airgeadas an Aontais.

D’iarr sé go mbeadh níos mó trédhearcachta ann agus breis rannpháirtíochta ag na saoránaigh ar fud an Aontais, rud a

chuirfeadh feabhas ar an daonlathas agus ar mhuinín an phobail.

Chun a dhéanamh, mhol CESE comhchreat trédhearcachta fiosaí a fhorbairt, creat ina mbeadh na saoránaigh rannpháirteach i bpróisis bhuiséadaithe, agus uirlisí digiteacha a chruthú le haghaidh faisnéis bhuiséadach níos soiléire.

‘Samhlaigh go bhféadfaí gach euro de mhaoiniú AE a rianú – ón mBruiséil trí rialtais náisiúnta síos go dtí do phobal áitiúil’, a dúirt rapóirtéir na tuairime, Elena Calistru.

Dar le CESE, i gcreat coiteann maidir le trédhearcacht fhioscach, is amhlaidh a leagfar síos caighdeán shoiléire agus chomhsheasmhacha do na cláir uile arna gcistiú ag an Aontas agus áiritheofar tuairisciú aonfhoirmeach agus rochtain éasca ar shonraí airgeadais ar fud na mBallstát. Is ar chur chun cinn na ndea-chleachtas a bheifí ag díriú seachas ar rialacháin nua a thabhairt isteach.

Chuirfeadh buiséadú rannpháirteach ar chumas na saoránach tionchar díreach a bheith acu ar chinntí maidir le caiteachas poiblí, go háirithe ar an leibhéal áitiúil, agus gnéithe rannpháirtíochta á n-ionchorprú i bpróisis bhuiséadaithe ar leibhéal an Aontais san am céanna.

D’iarr CESE go mbeadh ardán digiteach aontaithe soláimhsithe ann lena gcuirfí sonraí buiséid fíoraimseartha soiléire ar fáil, sin agus léargas ar an gcaoi a bhfuil torthaí á mbaint amach ag cistí an Aontais. Mhéadódh sé sin tuiscint agus rannpháirtíocht an phobail san fhaisnéis ar chúrsaí airgeadais.

Chuir CESE béim freisin ar a thábhachtaí atá sé feasacht an phobail a mhúscailt, maoirseacht níos láidre a áirithiú, agus cleachtais airgeadais a ailíniú le spriocanna an Aontais, an comhtháthú, cuir i gcás, sin agus inbhuanaitheacht chun comhar agus cuntasacht a chothú.

‘Tá rud i gceist le hairgeadas an Aontais seachas uimhreacha. Baineann siad le muinín agus daonlathas agus leis an Eoraip a chur ag obair dá cuid saoránach’. Sin é b’fhocal scoir do Bn. Calistru. (tk)



Ní mór don Aontas geilleagar atá dírithe ar an duine a shaothrú i gcónaí

Tacaíonn CESE leis na hiarrachtaí chun éiceachóras tionsclaíoch a fhorbairt a bheidh níos dírithe ar an duine agus a sheasfaidh an aimsir. Ag an am céanna, iarrann sé go ndéanfaí díospóireacht chríochnúil maidir le Tionscal 5.0 agus na himpleachtaí sóisialta

agus eacnamaíocha a ghabhfaidh leis.

Le Tionscal 5.0, táthar ag iarraidh saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil a chur i gcroílár próisis ghnó. Leis sin, bogtar ar aghaidh ó shaincheisteanna Thionscal 4.0, mar atá an digitiú agus an t-uathoibriú. Ghlac CESE an tuairim [Tionscal 5.0 - conas é a chur i bhfeidhm](#) le déanaí ina moltar samhail thionsclaíoch atá dírithe ar an duine, samhail ina bhfuil meas ar scileanna agus ar chruthaitheacht an duine.

Is beag aird a tugadh le linn Thionscal 4.0 ar thionchar an uathoibrithe ar an duine. Ar an gcaoi chéanna, ba bheag spéis a cuireadh i dtosaíochtaí comhshaoil, laghdú dramhaíola, ciorclaíocht, fuinneamh glas agus mar sin de. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin faoi Thionscal 5.0 agus tús áite a thabhairt do luachanna daonlathacha, cothromas sóisialta agus iomaíochas inbhuanaithe. Dar le **Giuseppe Guerini**, rapóirtéir na tuairime maidir le Tionscal 5.0, ba cheart oibriú i dtreo ‘Comhaontú nua maidir le Tionsclaíocht Ghlan’ sa chlaochlú digiteach agus ról lárnach a thabhairt ann do thosca daonna agus don chruthaitheacht.

Le Tionscal 5.0, cuirtear na daoine ar ais i gcroílár an táirgthe agus breathnaítear ar na scileanna atá acu mar chuid riachtanach dár mbuntáiste iomaíoch. Aimsítear cothromaíocht idir an t-uathoibriú agus cruthaitheacht an duine; déanann róbait chomhoibríocha na tascanna leamha céanna fad agus go ndíríonn na hoibrithe ar dhearadh, pleanáil agus seirbhís custaiméara. Leis an aistriú sin cuirtear béim ar shláinte agus sábháilteacht an oibrí agus tacaítear leo siúd ar easáitíodh iad de bharr an uathoibrithe.

Iarrann CESE ar institiúidí an Aontais tacú le héiceachóras tionsclaíoch a sheasfaidh an aimsir, a bheidh dírithe ar an duine agus a bheidh fréamhaithe sa cheartas sóisialta agus san iomaíochas cuimsitheach. Is fíor go dtacaíonn CESE le Tionscal 5.0. San am céanna, áfach, cuireann sé i bhfáth nach mór a thionchair eacnamaíocha, shóisialta agus theicneolaíocha a chíoradh a thuilleadh. Tá tús na hoibre sin déanta cheana féin faoi roinnt beartais Eorpacha, cuir i gcás an Comhaontú Glas, an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus an Clár Oibre Scileanna. Mar sin féin, caithfear na beartais sin a thabhairt cothrom le dáta le hiad a ailíniú le prionsabail Thionscal 5.0.

Le go n-éireoidh le Tionscal 5.0, caithfidh na comhpháirtithe sóisialta agus na hoibrithe a bheith mar chuid de ar gach leibhéal. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, cothófar timpeallacht chomhoibríoch oibre ina dtabharfar le chéile láidreachtaí an duine agus buanna na meaisín. Ionaid oibre níos nuálaí, níos tarraingtí agus níos inbhuanaithe, sin a bheidh ina thoradh ar an méid sin. (gb)



[Ní mór don Aontas díriú go práinneach ar an hidrigin ghlas chun an t-iompar a dhícharbónú](#)

Thionóil CESE comhdháil maidir leis an hidrigin ísealcharbóin in Pärnu, an Eastóin, an 12 Samhain. Ba é a bhí mar aidhm don ócáid gníomhaíochtaí straitéiseacha a phlé agus a shainaithint chun bonneagar inbhuanaithe a fhorbairt don hidrigin agus do dhíorthaigh na hidrigine, agus díriodh inti ar an maoiniú agus ar úsáid.

Agus an teideal [Cumhacht Amach ón gCósta go Leictribhreaslaí: Dlús a chur leis an nGeilleagar Nua Hidrigine](#) leis an gcomhdháil, tugadh le chéile léi Ambasáid na hÍsiltíre san Eastóin, Láraonad Forbartha Chontae Pärnu, Aonad Taighde Feidhmigh Metrostart, Invest Estonia agus forbróir stáisiún cumhachta leictrimheatánóil, Power2X.

Is comhpháirteanna ríthábhachtacha san aistriú fuinnimh iad an hidrigin ghlas agus ísealcharbóin, agus léiríodh le tionscnaimh a rinneadh le déanaí, amhail an Banc Eorpach Hidrigine, go bhfuil an móiminteam

ann chun margaí inbhuanaithe hidrigine a fhorbairt. Chuige sin, ní mór do lucht ceaptha beartas an Aontais agus lucht ceaptha beartas náisiúnta na modhanna is gá a chur ar fáil chun na huailmhianta sin a chur i bhfeidhm agus chun comhar a éascú i measc na mBallstát chun straitéisí éifeachtacha a ghlacadh.

Agus í ag labhairt faoin ngéarghá sin, bhí an méid a leanas le rá ag **Baiba Miltoviča**, cathaoirleach na Rannóige um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise in CESE: ‘Tá sé ríthábhachtach an hidrigin in-athnuaite a chur in úsáid go tapa – ní hamháin chun ár gcóras fuinnimh a chlaohlú ach ar mhaithe le leas sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh freisin. Mar sin féin, tá sé ríthábhachtach go gcaithfidimid lenár n-acmhainní ar bhealach ciallmhar. D’fhonn an tionchar a bheidh againn a uasmhéadú, ní mór dúinn tosaíocht a thabhairt d’earnálacha ar deacair iad a mhaolú agus caighdeáin éifeachtacha éiceolaíocha agus shóisialta a bhunú lena n-áiríteofar dálaí oibre cothroma agus sábháilte’. (mp)



[Tá an Dearbhú maidir le Tithíocht sínithe ag Baiba Miltoviča, cathaoirleach Rannóg TEN in CESE, agus Andres Jaadla, rapóirtéir CnaR](#)


I ráiteas comhpháirteach a síníodh an 14 Samhain, d’iarr Baiba Miltoviča, cathaoirleach [na Rannóige um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise \(TEN\)](#) in CESE, agus Andres

Jaadla, rapóirtéir [na tuairime ó Choiste na Réigiún \(CnaR\) maidir leis an tithíocht](#), ar na hinstiúidí Eorpacha bearta práinneacha a ghlacadh chun an tAontas Eorpach a thabhairt slán as an ngéarchéim tithíochta atá ann faoi láthair. Ba dhíol sásaimh dóibh freisin ceapachán an Choimisinéara Eorpaigh um Fhuinneamh agus Tithíocht, a mbeidh sé de chúram air an chéad Phlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a thíolacadh.

Dearbhú maidir le Tithíocht

- Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach **Cruinniú Mullaigh bliantúil an Aontais maidir le Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne** a eagrú i gcomhpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa, le CESE agus le CnaR. Leis an gcruinniú mullaigh bliantúil sin de chuid an Aontais, ba cheart na geallsealbhóirí uile a bhfuil baint acu le cur chun feidhme ghníomhaíochtaí na mBallstát maidir le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a thabhairt le chéile, ar bhonn cur chuige il-leibhéil agus malartú dea-chleachtas i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;
- Tacaímid le plean an Choimisinéara ainmnithe atá i gceannas ar an tithíocht chun ardán infheistíochta uile-Eorpach a bhunú do thithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe chun tacú go práinneach le comhpháirtíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun deireadh a chur le heisiamh tithíochta, agus an méid sin a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le CESE agus le CnaR;
- Tugaimid le fios gur gá féachaint ar **bhealaí nuálacha chun borradh a chur faoin infheistíocht phoiblí** agus chun an leas is fearr is féidir a bhaint as cistí an Aontais atá ann cheana chun teacht ar réiteach fadtéarmach ar an ngéarchéim tithíochta;
- Iarraimid ar institiúidí an Aontais tacú le **hathchóiriú domhain a dhéanamh ar fhoirgnimh chónaithe** ar bhonn tacaíocht airgeadais éagsúlaithe, fhadtéarmach agus nuálach agus creataí dlíthiúla comhleanúnacha, lena ndíreofar ar phobail leochaileacha chomh maith le príomhghníomhaithe ar an láthair, go háirithe pobail fuinnimh agus údaráis áitiúla;
- Iarraimid go mbeadh **comhar níos dlúithe ann idir na gníomhaithe ar na leibhéil éagsúla rialachais**: na Ballstáit, institiúidí an Aontais, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, na rialtais réigiúnacha agus na húdaráis áitiúla.

Geallaimid rannchuidiú le cur chun feidhme na mbeart a leagtar amach i nDearbhú Liège trí ghníomhú mar ghuth eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ó gach cearn den Aontas mar chuid d'iarracht chomhpháirteach institiúidí uile an Aontais an ghéarchéim tithíochta a réiteach agus comhtháthú na hEorpa a neartú ó gach taobh.



Teagmhálaithe Cumhachtacha: Ag smaoineamh ar thodhchaí ina bhfuil deireadh curtha leis an mbochtaineacht fuinnimh

Beidh taispeántas grianghraf dar teideal **Teagmhálaithe Cumhachtacha: Ag smaoineadh ar thodhchaí ina bhfuil deireadh curtha leis an mbochtaineacht fuinnimh** á óstáil ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE). Is taispeántas grianghraf an-spéisiúil é ina léirítear saothar an ghrianghrafadóir **Miriam Strong**. Eagraithe i gcomhpháirtíocht le Cairde na Cruinne san Eoraip, tugtar aird sa taispeántas ar ghníomhaíochas, ar chomhsheilbheachas agus ar chumhachtú pobal ar fud na hEorpa atá ag dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh. Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta de chuid CESE a d'eagraigh an taispeántas, a bheidh ar taispeánt i bhfoirgneamh JDE de chuid CESE sa Bhruiséil, 99-101 rue Belliard, ón 4 go dtí an 16 Nollaig.

Ag an oscailt oifigiúil, chuir an Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE, **Aurel Laurențiu Plosceanu**, agus cathaoirleach Grúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta de chuid CESE, **Séamus Boland**, béim ar thiomantas CESE chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, an fuinneamh inacmhainne a chur chun

cinn, athrú sistéamach a chothú agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a bhaint amach.

San aitheasc a thug sé, phléigh an tUasal Boland an costas maireachtála atá ag dul i méid agus an leibhéal bochtaineachta atá ag méadú san Eoraip, agus é ag leagan béime ar an ngá le freagairt láidir pholaitiúil ón gCoimisiún Eorpach nua agus ó Pharlaimint na hEorpa. ‘Ní mór don chéad Straitéis Eorpach i gcoinne na bochtaineachta agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, a d’fhógair Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún Eorpach nua, réitigh inbhuanaithe a sholáthar don fhíorstaid ar an láthair’, a dúirt Séamus Boland.

Threisigh an Feachtasóir um Cheartas Fuinnimh **Laia Segura** agus Oifigeach Cumarsáide Chairde na Cruinne **Yvonne Lemmen** go ndéantar iniúchadh sa tionscadal grianghraf seo ar an dóigh a dtugann daoine aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh agus a dtroideann siad ar son a gceart chun tithe fóna atá seasmhach ó thaobh na haeráide de, arna gcumhachtú ag fuinneamh glan inacmhainne. Le haghaidh tuilleadh eolais, cliceáil [anseo](#).



[Cé aige a bhfuil an grianghraf is fearr Connecting EU 2024?](#)

Is í Martina Cikojević, eagarthóir agus iriseoir le Ceardchumann Oibrithe Poist na Cróite, buaiteoir chomórtas grianghraf Connecting EU 2024.

A bhuí lena grianghraf *Brussels Grand Place in the Moonlight*, bronnadh uirthi cuairt dhá lá sa Bhruiséil le linn Sheachtain na Sochaí Sibhialta in CESE i mí an Mhárta 2025.

Ghlac Martina Cikojević páirt i seimineár [Connecting EU 2024](#) i mbliana, an 17 agus an 18 Deireadh Fómhair sa Bhruiséil. Le linn an tseimineáir,

tháinig oifigigh phreasa agus chumarsáide as eagraíochtaí na sochaí sibhialta, maille le hiriseoirí, le chéile. ‘Dún deiridh an daonlathais: an iriseoireacht a thabhairt slán agus a chur chun cinn’ an teideal a bhí air agus díródh ann ar na dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar gá d’iriseoirí a n-aghaidh a thabhairt orthu ar an saol seo ina bhfuil an intleacht shaorga ag teacht chun cinn go tapa agus an brú polaitíochta ag dul in olcas.

Ghlac na rannpháirtithe páirt freisin i seisiún líonraithe dar theideal ‘Ról an oifigigh preasa nó cumarsáide i ré seo Instagram, TikTok agus na hintleachta saorga – mar is féidir do theachtaireacht a chur in iúl’, a raibh dhá cheardlann mar chuid de. An comórtas grianghraf, ba chuid é den cheardlann ‘Ceachtanna maidir le hábhair chumarsáide’, a bhí faoi stiúir an speisialtóra cumarsáide **Tom Moylan**.

Maidir lena grianghraf, a bhfuil an oíche á soilsiú ann ag solas na gealaí agus é ag briseadh trí na scamail dhorchá, dúirt Martina go bhféadfaí nasc siombalach a dhéanamh le hábhar an tseimineáir freisin. ‘Ní féidir le duine ar bith stop a chur leis an ngealach an dorchadas a shoilsiú. Níor cheart do dhuine ar bith stop a chur le hiriseoirí an fhírinne a thabhairt slán, óir is fearr, is sábháilte, agus is cothroime an tsochaí dá bharr’, ar sise.

Ós í buaiteoir an chomórtais í, glacfadh Martina páirt i Seachtain na Sochaí Sibhialta in CESE, atá á reáchtáil den dara huair, agus a bheidh ar siúl ón 17 go dtí an 21 Márta in áitreabh CESE sa Bhruiséil. Is é ábhar na

bliana seo An Comhtháthú agus an Rannpháirtíocht a threisiú sa tSochaí a bhfuil an tEasaontas i réim inti.

Tréaslaíonn Aonad Preasa CESE a héacht le Martina agus gabhann sé a bhuíochas le gach duine a chuir grianghraf isteach. (II)

NEWS FROM THE GROUPS



[Todhcháin SAM: ní mór dúinn a bheith réidh le dul ar ár gconlán féin maidir leis na saincheisteanna straitéiseacha](#)

Stefano Mallia, Cathaoirleach Ghrúpa na bhFostóirí

Bhuaigh Donald Trump toghchán na Stát Aontaithe agus beidh sé ina uachtarán den dara huair. Tá an toradh soiléir agus ní mór é a urramú. Ach cad is féidir linn a dhéanamh anois?

Tá an tAontas agus na Stát Aontaithe ina bpríomh-chomhpháirtithe geopholaitiúla agus trádála go fóill ós rud é go bhfuil an caidreamh atá againn bunaithe ar phrionsabal na cómhálartachta. Ní féidir leithliseachas ná caomhnaitheacht a bheith ann i ndomhan idirnasctha an lae inniu, cionn is go mbaineann cur chuige den sórt sin an bonn dár gcomhar frithpháirteach domhanda agus dár rathúnas eacnamaíoch.

Is iad an tAontas agus na Stát Aontaithe príomh-chomhpháirtithe is mó a chéile. Tá **an trádáil** dhéthaobhach idir an tAontas agus na Stát Aontaithe ag an leibhéal is airde riamh, le breis is EUR 1.6 trilliún in 2023, agus stoic infheistíochta dhéthaobhacha os cionn EUR 5 thrilliún. Is mórfhoinse infheistíochta díri coigríche (IDC) san Aontas Eorpach iad na Stát Aontaithe, agus meastar gur thart ar USD 3.6 trilliún atá san IDC a dhéanann na Stát Aontaithe a infheistiú san Aontas Eorpach, agus is é USD 3 thrilliún a bheag nó a mhór an méid a infheistíonn an tAontas a infheistiú sna Stát Aontaithe. Neartaíonn an infheistíocht fhrithpháirteach sin an t-idirspiléachas eacnamaíoch agus cruthaíonn sí na milliúin post ar dhá thaobh an Atlantaigh.

Ar an ábhar seo, tá sé tábhachtach leanúint ar aghaidh ag obair ar an gcaidreamh atá againn. Na moltaí a rinne Trump cheana maidir le taraifí a fhorchur ar earraí an AE, agus taraifí idir 10 % agus 20 % a chur i bhfeidhm ar allmhairí ó gach tír, an tAontas san áireamh, ní thiocfaidh dada astu. Sin an fáth a bhfuil muid ag iarraidh idirphlé níos oscailte agus clár oibre réamhbhreathnaitheach don chomhar.

D'éascaigh an Chomhairle Trádála agus Teicneolaíochta idir an tAontas agus na Stát Aontaithe idirphlé maidir le saincheisteanna criticiúla amhail an intleacht shaorga agus leathsheoltóirí. Ar thaobh amháin, is gá an t-idirphlé a neartú agus a uasghrádú, ar an taobh eile, ní mór don Aontas dlús a chur lena athchóirithe beartais, slacht a chur air féin agus an bealach is fearr a lorg chun comhoibriú leis na Stát Aontaithe.

Ní mór dúinn ullmhú freisin don chás a bhféadfadh titim amach maidir le hábhair thábhachtacha amhail an t-athrú aeráide agus an Úcráin go mbeadh orainn dul ar ár gconlán féin. Is fíorfhéidearthacht é seo agus, dá bhrí sin, ba cheart dúinn tosú caitheamh leis mar an réaltacht nua de facto.



An costas maireachtála a atá ann, a phleota!

Grúpa na nOibrithe a scríobh

‘It’s the economy, stupid!’, mana feachtasaíochta Bill Clinton in 1992, a chuaigh go mór i bhfeidhm ar lucht vótála Mheiriceá agus iad ag dul i ngleic le cúlú eacnamaíochta - is feiliúnach inniu athleagan a chur ar na focail sin. Ní gá ach súil a chaitheamh ar

thorthaí an tsuirbhé iarthoghcháin [Eorabharaiméadair](#) is déanaí, rud a léirigh gurbh iad an boilsciú agus an geilleagar an dá chloch ba mhó ar a bpaidrín ag an lucht vótála.

Is cinnte nach ann do réiteach a fheileann do gach uile chás agus nach míniú leordhóthanach ar na trioblóidí a bhaineann leis na toghcháin atá le teacht é an cruatan eacnamaíoch. Mar sin féin, féadfar a rá gan amhras gurbh iad an t-ardú ar phraghsanna, an costas maireachtála, agus an drochscéal eacnamaíoch na húdair ba mhó a spreag daoine le vóta a chaitheamh san Aontas an t-earrach seo caite agus [an taobh thall den Atlantach cúpla seachtain ó shin](#). Ní aniar aduaidh orainn a tháinig an méid sin: bhí an costas maireachtála ar an údar imní ba mhó i measc an phobail [siar ag tús 2023](#) (an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta ar an dara húdar imní ba mhó acu). Dá bhféachfá ar na táscairí maicreacnamaíocha, cheapfá go mbeadh moladh ag dul do lucht déanta na mbeartas, ach [is uafásach an tionchar díreach atá á imirt ag an mboilsciú ar phraghas na n-earraí riachtanacha, leithéidí bia agus fuinnimh, agus is é an dream is mó a bhíonn thíos leis sin na daoine is mó a chaitheann a n-ioncam ar na hearraí sin](#). De bhreis air sin go léir, bhí an téarnamh ón bpaindéim agus an fhreagairt thubaisteach bheartais a ghabh leis, gan trácht ar an líon mór tíortha atá ag streachailt go fóill le hiarmhairtí ghéarchéim 2008.

Leis na blianta fada anuas, [tá an tuarastal dícheangailte ó fhás na táirgiúlachta](#), rud a bhain go mór den dóchas a bhí ag cuid mhór de lucht oibre agus meánaicme na hEorpa go raibh saol ní b’fhearr i ndán dóibh. [Is cuid den saol anois iad](#) an t-antóisceachas polaitiúil agus an toghchánaíocht shuaite.

Caithfear aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim an chostais maireachtála má táthar chun an Eoraip a chur ar bhóthar a leasa, óir is léiriú í ar na saincheistanna struchtúracha atá ag gabháil don tsochaí agus an geilleagar Eorpach agus is dúshlán í freisin do na prionsabail arb iad bunchlocha sóisialta an daonlathais iad.

An 26 Samhain, [tháinig comhaltaí Ghrúpa na nOibrithe le chéile le geallsealbhóirí éagsúla leis an méid sin go léir a phlé, agus iarraidid ort dul ar ais chuig an bplé sin](#) agus iarraidh a dhéanamh i gcomhar linne ar lucht déanta na mbeartas [deireadh a chur leis gcaint gan aird, a mbearna scileanna féin a dhruidim](#), agus díriú isteach ar a bhfuil tábhacht leis.



Deireadh a chur leis an mbochtaineacht faoi dheireadh is faoi dheoidh

Le Séamus Boland, cathaoirleach Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta in CESE

D'ainneoin go bhfuil an tAontas níos saibhre ná an chuid is mó den domhan, tá na milliúin leanbh fós ag brath ar an scoil chun bia a thabhairt dóibh ar bhonn laethúil. Go deimhin, tá méadú ag teacht ar líon na mBallstát a thugann bia do leanaí le linn laethanta saoire scoile. Tuigtear ón méid sin amháin go bhfuil an bhochtaineacht fós ann ar an leibhéal is bunúsaí agus go bhfuil sí ag dul in airde freisin agus nach mór don Choimisiún Eorpach nuacheaptha dul i ngleic leis an bhfadhb sin ar bhealach láidir agus diongbháilte.

Is gruama é staidreamh bochtaineachta na hEorpa. Tá thart ar 21 % de dhaonra an Aontais i mbaol bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta ([de réir shonraí ó Eurostat le haghaidh 2023](#)) agus tá baol ann go dtitfidh thart ar 25 % de leanaí i sáinn na bochtaineachta ([de réir shonraí ó Eurostat le haghaidh 2023](#)). D'fhéadfadh sé go mbeadh an fhadhb ní ba mheasa fós gan na tionscnaimh Eorpacha atá i bhfeidhm faoi láthair chun athrú a spreagadh, ach caithfear a admháil nach leor iad ach an oiread. Sin an fáth gur údar sásaimh do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus do Ghrúpa Eagraíochtaí na Sochaí Sibhialta an fógra ó Uachtarán an Choimisiúin, Ursula von der Leyen, go mbeidh an Coimisiún ag obair ar straitéis AE i gcoinne na bochtaineachta lena dtabharfar aghaidh ar bhunchúiseanna na bochtaineachta le linn théarma oifige 2024-2029. Tá CESE, agus mo ghrúpa féin go háirithe, ag iarraidh straitéis den sórt sin le fada an lá.

Faraor, ní 'ganntanas' acmhainní bunúsacha amháin a bhíonn de dhíth ar theaghlaigh ar bhonn laethúil. Is í an bhochtaineacht an toradh ar shraith cúinsí fadtéarmacha atá fite fuaite le díothacht fhadtéarmach. Tá nasc idir an díothacht sin agus córais pholaitiúla, lena ndéantar neamhaird ar dhéimeagrafaic áirithe sa chás is fearr agus lena ndéantar idirdhealú ina n-aghaidh sa chás is measa.

Maidir leis na réitigh a bheidh againn ar an bhfadhb amach anseo, beidh gá le measúnú a dhéanamh ar na cúiseanna doimhne stairiúla a bhaineann leis an mbochtaineacht. Ciallaíonn sé sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar gach céim de shaol daoine, ón mbreith go an bás. Is amhlaidh an cás maidir le soláthar tithíochta, saincheist atá ag éirí chun bheith ar cheann de na fadhbanna is tromchúisí atá roimh shochaithe na hEorpa. Sin an fáth ar choimisiúnaigh CESE, arna iarraidh sin do mo ghrúpa féin, [staidéar](#) ar thithíocht inbhuanaithe inacmhainne san Aontas Eorpach. Cuireadh an staidéar sin i láthair ag [ár gcomhdháil an 21 Samhain](#) inar díródh ar na daoine is leochailí san Eoraip a chosaint trí thithíocht inbhuanaithe agus inacmhainne a sholáthar dóibh. Leis an gcomhdháil sin, léiríomar go bhfuil tithíocht inacmhainne ar cheann de na príomhuirlisí chun an bhochtaineacht a chomhrac.

Tá áthas orainn go mbeidh Coimisinéir atá freagrach as fuinneamh agus tithíocht san áireamh sa Choimisiún Eorpach nua, rud a chabhróidh leis an mbochtaineacht a dhíothú. Is cúis imní é, áfach, go bhféachann formhór na bpolaiteoirí fós ar dhíothú na bochtaineachta mar fhadhb atá le réiteach ag buiséid mhóra atá faoi bhainistíocht mhaorlathach. Ní bheidh tionchar ag na hacmhainní atá againne ar na daoine a ndéantar difear dóibh ach amháin má athraíonn na polaiteoirí an meon sin. Is saincheist thrasearnála í an bhochtaineacht agus ní mór do na Coimisinéirí Eorpacha nua um fhuinneamh agus tithíocht, um an gcomhionannas, um an gcomhtháthú agus um athchóirithe agus um an aistriú cóir freagracht a ghlacadh as an athrú sin a chur chun cinn mar ábhar práinne.

AN AERÁID I BHFÓCAS



Photo by Lucie Morauw

Betrayed by the billions: COP29's failure to deliver for climate justice

Young climate and human rights activist and co-founder of Youth for Climate Belgium Adélaïde Charlier lists all that is wrong with the COP29 climate deal that has just been brokered in the Azerbaijan capital of Baku. Seen by many as a symbol of broken trust and climate inequality, COP29 has left vulnerable nations

and civil society bitterly disappointed.

The recent COP29 climate conference in Baku has left the world divided, with vulnerable nations and civil society expressing deep frustration over what is seen as a betrayal of trust. While a deal was reached—pledging USD 300 billion annually to help developing countries adapt to climate change by 2035—it falls drastically short of the urgent needs of those on the front lines of the climate crisis.

'No deal is better than a bad deal'

Harjeet Singh, Global Engagement Director with the Fossil Fuel Non-Proliferation Treaty Initiative, set the tone 24 hours before the final deal was passed: 'No deal is better than a bad deal.' His statement echoed the mounting tension between affected countries, civil society, and wealthier nations. By Sunday, the conference presented a sobering reality with only one financial target: the pledge of 'USD 300 billion per year by 2035'. This goal is ridiculous as it is far below what the vulnerable nations had collectively called for (USD 1.3 trillion to cover their needs in terms of adaptation, mitigation and addressing loss and damage).

